POLAITÍOĊT

"Cuir isteaċ focal maiṫ dúinn"

Nuair a fuaireamar Rialtas Dúċais ar tús, b'é an eagla is mó a bí ar ḋaoine ná go mbeaḋ an iomad tionċair agus an iomad fabraċ, ar siúl. Ar nḋóiġ, bí sé sin ar siúl go h-uafásaċ, le linn do na Sasannaí a beiṫ sa tír seo, agus go h-áiṫrid i mBaile Áṫa Cliaṫ, insan 18ú Aois, agus insan 19ú Aois. Nuair a bítí ag tabairt amaċ jobanna go h-oscailte ar son an teaċt isteaċ, agus daoine eile ag déanamh na h-oibre. Ní dóiġe go raiḃ an saol poiblí ariaṁ ċom truaillíṫe in aon tír agus a bí sé imBaile Áṫa Cliaṫ, faoi réimeas na nGall insan oċtú-aois-déag, agus an naoú-aois-déag.

Rinn aċan Rialtas Dúċais a táinig, iarraċt fiúntaċ, le deireaḋ a ċur leis sin. I ndáiríriḃ, meastar go ndeaċa siad ró ḟada ag cur srian le cumaċt na gcomhairleoirí condae, agus comhairleoirí baile, insan dóiġ seo, agus go h-áiṫrid, insan Aċt Bainistíoċta Condae. Aċ, mar sin féin, ceart ċoiċe, is fiúntaċ agus is aontaiċe, mar ṡeasann furmhór mór na gcomhairleoirí condae, agus bailte, i gcoinniḃ ró ḃrú don ċineál seo. Agus is uafásaċ an méid do a ḃíos ar siúl, faoi postanna agus jobanna, faoi ciosanna agus cánaċa, agus ċuile rud eile a ḃíonn ar siúl ag údaráisí áitiúla. Aċ go speisialta, agus ós cionn gaċ rud eile, fá tiṫe.

Níl comhairleoir ar biṫ, a ḃfuil taiṫí ar biṫ aige ar an saol poiblí, naċ ḃfuil ḟios aige an brú agus an ró ḃrú a nítear air, ċun tiṫe ḟáil do ḋaoine ar leiṫ. Tá córas an ṁaiṫ ar siúl faoi an Roinn Rialtas Áitiúil, lena dtugtar tús aite, nó príomhḋaċt, fá ċoinne cúiseanna agus coinníollaċa faoi leiṫ, agus de ġnáṫ, sé an Doċtúir Sláinte, a ṡocraíonn órd fiúntais liosta na n-iarratóirí tiṫe.

Is gnó bainistíoċta é, aċ de ġnáṫ, glacann gaċ bainisteoir ciallṁar le comhairle agus aontú más féidir, leis na comhairleoirí áitiúla. Agus is uafásaċ an fad a téann daoine atá ar lorg tiṫe ag iarraiḋ brú a ċur ar comhairleoirí, agus go mion minic, téann siad ċuig daoine naċ ḃfuil baint dá laġad acu leis an scéal ag iarraiḋ áit níos airde a ḟáil dóiḃ féin san liosta príomhḋaċta, fá ċoinne tiṫe.

Déanta na fírinne, is ábar grinn, ċoṁ maiṫ le ábar náire, an méid daoine go dtéigtear ċucú ar lorg tionċar agus brú fá ċoinne tiṫe ḟáil i gcásanna áiṫrid. Agus an ceart a ċoiċe, seasann tromlaċ mór na gcomhairleoirí in éadann an ċineál seo ró-ḃrú. Cé go mbíonn maite poiblí eile, go dtéigtear ċuca, agus go n-insíonn siad go lom do na hiarratóirí naċ ḃfuil baint ar biṫ acu leis an scéal. Aċ, mar sin féin, leanann na h-iarraċtaí seo fá ċoinne ró ḃrú.

Aċ, ní dóiċe, gur ṫárla ariaṁ, sa tír seo, fáid ár gcuid rialtaisí féin nó rialtaisí eile nó in aon tír eile, rud ċoṁ h-amaideaċ agus ċoṁ náireaċ, ċoṁ scannalaċ, agus ċoṁ h-aineolaċ agus a ṫárla an tseaċtain seo caite, nuair a rinne beirt ḟear, ar ċeart dóiḃ níos mó eolais agus níos mó céille a ḃeiṫ acu, iarraċt brú a ċur ar an Ṗápa le focal maiṫ a ċur isteaċ do na gcuid iarratóirí féin fá ċoinne tiṫe ḟáil ó Ḃárdas Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Agus níl sé na leiṫscéal acusan, mar ḃíoḋ ag daoine tríd an tír, naċ raiḃ ḟios acu níos fearr, agus níl sé de leiṫscéal acu, go raiḃ an ḃróg ag luí ċoṁ trom orṫa agus gur ċuma leo goidé ḋéanfaḋ siad, mar ní ar a son féin a ḃí siad á ḋéanaṁ, aċ ar son tairḃe poiliticiúil dona ndream féin. Mairfiḋ sé go deo i stair poiliticiúil na tíre seo mar an gníoṁ is ísle i gcúrsaí poiliticiúil. agus an iarraċt is measa ċun brú agus ró ḟabar a ḟáil, agus an náire is measa a tugaḋ don tír seo i gcúrsaí idirnáisiúnta ariaṁ.

Is trua le rá gur ṫárla sé le beirt a ṫug seirḃís réasúnta maiṫ. Duine acu mar ḟear smaointe agus duine acu mar ḟear gníoṁa, roiṁe seo. Is trua go mór gur ċuir siad a gcuid ainmneaċa leis seo, agus is trua go mór gur ċeadaiġ Páirtí an Luċt Oibre, go gcuirfí ainm an Luċt Oibre, leis an sreangscéal uafásaċ seo, a cuireaḋ ċuig an Ṗápa, ag an am ċéanna go raiḃ Ceannaire an Luċt Oibre taréis glacaḋ le cuireaḋ ón Taoiseaċ a ḃeiṫ leis amaċ le éisteaċt le óráid an Ṗápa ag na Náisiúin Aontaiṫe. Beiḋ sé an deacair ag Páirtí an Luċt Oibre iad féin a ċur ós comhair an tsaoil, mar Ṗáirtí gur mór acu céim agus ceart na hÉireann insan am atá le teaċt.

ḞEARḞEASA.

Aċt Leasa Soisialaiġ

Le linn stailc na bpáipéar, ní ḃfuaireamar cuntas cruinn ar an díospóireaċt ar an Ḃille Leasa Soisialaiġ, aċ cibé fá'n díospóireaċt, agus b'ḟéidir go dtaḃarfaiḋ muid giotaí as arís, tá sé ina ḋlí anois, agus níl aon aṫrú ar an rud a fógraíoḋ an ċéad lá riaṁ, agus ar ċuireamar ina ċoinniḃ, sé sin go meastar gurb é teaċt-isteaċ duine fá ċoinne cúrsaí Leasa Sóisialaiġ, nó fiċe oiread luaċáil an ġaḃaltais. Measaimidne go ḃfuil sé seo i ḃfad ró árd. Nó cúrsaí cáin-ioncum, cuir i gcás, glactar le 1 uair agus ceaṫrú, an luaċáil, mar an teaċt-isteaċ. Do cúrsaí scoláireaċta agus maoine glactar leis an luaċáil mar an teaċt-isteaċ, agus is an deacair a ḟeiceáil, conus mar a d'ḟéadfaí réiṁ-ṫárlóg nó míniú ciallṁar ar biṫ a ḟáil fá ċoinne rá go ḃfuil fiċe oiread de ṫeaċt isteaċ agus atá de luaċáil, ar ṗíosa talaiṁ. Más ea, caiṫfiḋ go ḃfuil teaċt-isteaċ an ṁór ar fad ag cuid de feilméaraí lár na tíre, an áit a ḃfuil talaṁ gur luaċáil dó £100 nó £150, nó £200, agus cuid de na daoine seo inann a gcuid páistí a ċur ar scoláireaċtaí agus eile.

Aċ, ar scor ar biṫ, tá rudaí fiúntaċa ann, agus is maiṫ an rud é go dtiġ le duine ar biṫ ins na ceantair Ġaeltaċta san am i láṫair, úsáid ar biṫ is maiṫ leis a ḃaint as a ċuid talaṁ, agus naċ leagfar níos mó de ṫeaċt-isteaċ air dá ḃárr. Agus is cuma goidé mar ċuireann sé feaḃas ar an gaḃaltas, naċ mbeiṫfear ag baint "dole" dó dá ḃárr. Fágann sé pobal na Gaeltaċta saor ċun feaḃsú a ḋéanaṁ ar a gcuid gaḃaltaisí, ⁊ ar an teaċt-isteaċ uaṫa, agus is rud é a raċas ar soċar go mór in áiteaċa mar Gleann Colmcille, go ḃfuil forḃairt ar siúl ar an talaṁ.

Ar a ḋóiġ féin tá sé ċoṁ tábhaċtaċ le briseaḋ cumaċt na dTiarnaí Talaiṁ, ar an cíos a ṁéadú fá ċoinne feaḃas ar biṫ a ċuirtí ar na tiṫe.

Tá súil againn, fríd am, go dtaḃarfar luċt iascaireaċta, ⁊ go h-áiṫrid na sciar-iascairí ar na báid 50 troiġ, agus báid níos lú, isteaċ faoi an scéim.

SCÉAL GAIRID

Bean a' Ḃuillín

DÓNALL MAC AṀLAIḂ

Ṡeas an saiġdiúir ag ceann ṫóir an Ḟaiċe Ṁóir agus ṫug sparc neaṁċúiseaċ suas uaiḋ i dtreo ṫoiġ Ḣackett; ba ḃeag a ḃéarfaḋ air a ḋul suas agus cáirde a iarraiḋ ar ḟear a' tí sin nó go n-íocfaí san oíċe amáraċ é. Ba ḋeas a ċaiṫfeaḋ sé béile anois arae ḃí sé an naoi a ċlog ḃallaí agus ní raiḃ blasta de ġreim ar biṫ aige ón leaṫ uair téis a ċeaṫair. Uḃ bruite agus an cúigiú ċuid de ḃuillín a ḃí don tae aca ṫuas ar an Rinn Ṁór agus níor ṁó ná gur ḃain an méid sin an t-ocras ḋe. Dá mba í an oíċe amáraċ anois í d'ḟéadfaḋ sé bualaḋ isteaċ i dteaċ an ḃiḋ agus a roġa níḋ a ḟáil aċ b'anaṁ a d'ḟanaḋ aon ṗinġin airgid faoi ḋeire na seaċtaine aige ní áirṁeóḋ sé an Ṁáirt.

"Bíoḋ an diaḃal aige sin mar scéal," ar seisean istiġ ina intinn féin, "nílim a' ḋul ag déanaṁ bacaḋ ḋíom féin anois héḃrí é. Mairg naċ gcoinneóḋ oiread agus a ċeannóḋ buidéilín bainne agus caca beag ṫuas 'tí Uí Ċeallaiġ ar an mBóṫar Ṁór ḋó."

Aċ cé'n uair ar ċoinniġ? Rómhaiṫ a ṫuig sé naċ ḃfanfaḋ cuimne dá laġad ar a ċruaċás aige a lua agus a ṡínfí a ċuid pái isteaċ ina ġlaic ċuige; ċaiṫfeaḋ sé bunús a ċuid airgid an oíċe sin agus ba ġearr a ṡeasfaḋ an ḟuíoll ansin. Le teann ṁuisiaim agus féin-ġráin ċas sé ṫart go tobann agus ṫosaiġ ag siúl síos i dtreo an ḃaile ṁóir in aċ-uair. Ḃí sráideanna na caṫraċ sáċ trigṫe anoċt, gan ṫar triúr nó ceaṫrar eile saiġdiúirí ag máingeáil timpeall lán ċoṁ neaṁċúiseaċ leis féin. Na cailíní féin, cuid fostaiṫe an Ospidéil agus Ċoláiste Éanna ṫiar ar an mBóṫar Árd go b'é a bpríoṁċaiṫeaṁ aimsire dul ag spaisteoireaċt ṫart faoin mbaile oíċe i ndiaiḋ a ċéile, ba ḃeag díoḃ a ḃí le feiceáil anoċt aċ ċoṁ ḃeag. Ní raiḃ aon ċailín aige féin cé's móite de go ndéanfaḋ sé corr-ċeann a' fágáil ag baile' taréis an ċéilí oíċeanntaí Domhnaiġ; fearaċt go leor dá ċuid comrádaí ba ḃeag agus ba ríḃeag é a ṫóir ar ṁná an t-am a mbíoḋ pinġin ar biṫ airgid aige. B'ḟada ó ḃeiṫ ró-ṫugṫa don ólaċán é — níorḃ ṡin é go baileaċ é—aċ ní raiḃ cineál ar biṫ eile ċaiṫim aimsire a ṫaiṫn leaṫ ċoṁ maiṫ leis ná ḃeiṫ le comhluadar suairc istiġ i dteaċ ósta agus pionnta portair faoi ḟaid láiṁe ḋó.

Ag dul ṫar Buttermilk Lane ḋó sea ċonaic sé an cailín; ḃí sise tamall síos uaiḋ isí ag breaṫnú isteaċ i ḃfuinneóig ṡiopa éadaí. Stáic ḋeas daṫúil de ḃean óg a ḃí inti, ba aniar dí—aniar as an gCeaṫrú Rua nó baile eicínt níba ḟaide siar; ḃí aiṫne na sút aige uirri agus ba ċuiṁneaċ leis ḃeannú dí geaḃ na dó ar an tsráid. Roiṁe socraiġ sé bleil a bualaḋ uirri. Cá ḃfios naċ dtoileóḋ sí é ligean léi siar ċuig an Ospidéil nó a h-áit ċónaiṫe más ar aimsir a ḃí sí? Gan aon ċoinne leis ṫosaiġ toċas na gcéadfaí dá ġríogaḋ anois. Ba ḃreá an níḋ láṁ a ċur ṫart faoina lár siúd, agus póg a ḃaint dí, b'ḟéidir . . . .

"Cé'n scéal a'd féin?" ar seisean leis an gcailín nuair a ṫáinig sé ċoṁ fada léi.

Ḃain sí a súile de na h-éadaí gáifeaċa ḃí sa ḃfuinneóig roimpi agus ḃreáṫnaiġ air féin. Anois agus é i ngar dí ba léir ḋó naċ raiḃ sí ċoṁ daṫúil, baileaċ, agus mar a b'ḟactas dó i ḃeiṫ ar ball. Aċ pébí faoi'n ndaṫúlaċt ḃí láíoċt eicínt le'n aiṫint 'sna súile móra gléine aici agus ina glór nuair a laḃair sí.

"Ó, 'ndeaṁan scéal, a ḋriofáir, mura ḃfuil a'd féin?."

"Scéal fada an ántró," ar seisean buile ġéar agus idir ḟearg agus náire leis féin air arae b'ḟeasaċ do de léim go mba cailín múinte, tuisgionnaċ a ḃí inti agus ṫairis sin nár ionṁolta an ṁaise dó ḃeiṫ dá ṫréiteáil mar scioflóg ċoitianta. Táinig cló leaṫ-ṁagúil ar ċeannaġaiḋ an ċailín agus ġáir sí go boġ.

"A ní féidir go ḃfuil an scéal ċoṁ dona sin a'd? Ní dual do ṡaiġdiúir ḃeiṫ claoiṫe," ar sise.

Ċuaiġ a h-aeraċas i gcion air láiṫreaċ agus rinne sé draḋgáire beag dá ċeart n-aineoin.

"Is dóí gur fíor ḋuit an méid sin, a ḋriofúir. 'nDeaṁan ar bascta dúinn dá gcuiṁneóḋ muid ceart air. Ḃfuil tú aḃfad sa "town" ag obair?"

"Le ráiṫċe nó gar dó. Naċ ḃfeicinn go minic ar an tsráid tú?"

Ba ṁil ar a ċroí ḋó an méid sin a ċlos uaiṫi agus in aċ-uair ḃeartaiġ sé í ṫionlaċan aḃaile dá mba ann agus go mbeaḋ sí sásta — aċ go raiḃ idir cion agus meas dá spreagaḋ anois ins an áit a raiḃ lom-ċollaíoċt roiṁe seo.

"D'ḟeicfeá cinnte. Laḃair mé cúpla uair leat. Aċ seo, céard faoi píosa ṡiúil a ḋéanaṁ liom—suas ċuig an Square? Féadfaiḋ muid ḃeiṫ ag cóṁrá le céile i gcaiṫeaṁ an aṁa."

B'ḟactas dó í ḃeiṫ idir dá ċomhairle ar fea ala nó dó; ansin bíoḃg sí.

"Ceart mar sin, a ṡaiġdiúir, aċ níl a'm aċ uair a ċluig eile—caiṫfiḋ mé ḃeiṫ istiġ roiṁ an ḋeiċ. Tá mo ċailleaċ-sa iontaċġéar."

'Cailleaċa' a ṫugaḋ cailíní Ċonamara ar na mná dá mbíoís ag obair dóiḃ.

Ṫosaíodar ag siúl go mall suas an baile mór agus an ċaint ag teaċt réiḋ ċuig an ḃeirt aca agus dá mbeaḋ aiṫne na mbliianta aca ar a ċéile; faoi 'n am a ṫángadar go ceann ṫiar an Ḟaiċe Ṁóir ḃí fios a h-ainm agus a sloinne aige, maraon leis an mbaile ar ḃ'as dí agus an-ċuid mion-eolas eile. Agus mar ṁalairt ar an méid sin d'inis seisean dí-se cérḃ as dó féin, an t-aċar a ḃí caiṫe faoi éide an Arm aige agus faisnéis eile nár é.

"Tá sé ag éirí deireannaċ," ar sise aċ ar stadadar ag an gcúinne, "d'ḟeilfeaḋ domsa ḃeiṫ ag déanaṁ mo ḃealaċ aḃaile."

"Is go deiṁin," agus ⁊ ansin ṫost sé ar feadh nóiméid; ansin: "Céard déarfá liom tú fágáil siar?"

"Fág seo mar sin," arsa an cailín agus iarraċt de'n ġáire 'na glór. Ṫosaíodar síos an tsráid agus ṁoṫaiġ seisean sásaṁ de ṡaġas nár ṁoṫaiġ ċeana le fada an lá. Ag dul ṫar teaċ báicéaraċta G.B.C. dóiċ ṡeas an cailín.

"Cogar mé seo leat — ḃfuil ocras ortsa?" ar sí agus í ag breáṫnú san éadan air.

"Ocras, a ḋriofúir? Tá mé stiugṫa leis."

"Tá, 'gus mise! Cailleaċ antíoḃasaċ mo ċailleaċ-sa. Creidim go ḃfuil luaċ buillín a'm—nó gar dó. Ḃfuil aon ċeo a'd féin—tuigim go b'é an lá roiṁ lá pái é!" arsa an cailín le cneastaċt taiṫneaṁaċ.

"Tá traiḋfilín, sílim," agus ṫóiriġ sé i bpóca a ḃriste gur ṫarraing aníos trí ṗinġinn rua.

"Tá pinġinn de ḃiseaċ agam féin air sin; ceannóiḋ muid buillín," arsa an cailín is í ag glacaḋ uaiḋ a ċuid pinġineaċaí gan aon lorg de'n náire a ṡaṁlófaí, b'ḟéidir. lena leiṫéid de ócáid. Ṫáinig sí amaċ as an tsiopa agus an buillín faoi'n a ascal, aici.

"Ṡileá go ḃfillfidís píosa páipéar ṫart air ar aon nós," ar sise. Níor ḟan aon ḟocal ag an saiġdiúir.

Ṫiar ag bun an Ḃóṫair Árd, faoi ḟaid scairteaḋ den teaċ ina raiḃ sí ar aimsir, ḃuaileadar fúṫa ar ċarraig ḃeag ċoṫrom cois ċlaí, an saiġdiúir agus an cailín aimsire. Gur roinneadar eatorra agus gur iṫeadar an t-arán tur. Nuair a ḃí an ġreim deiriḋ caiṫe aca d'ḟéacadar ar a ċéile, buille cúṫailleaċ, faoi ṡolas na lán ġealaí ag ḃí ag éirí suas go h-árd os cionn barra na gcrann magcuaird. Ansin liġ an cailín osna ḃeag — péacú, arsa an saiġdiúir leis féin, ar le teann ṡáṫaċt é nó de ċárr i ḃeiṫ páirteaċ san iarraċt den aistil a ḃí i ndiaiḋ teaċt air féin.

Arae ṫuig sé ar ḋóí eicínt go raiḃ dáiṁ anois aca le ċéile — dáiṁ nó gaol spioradálta eicínt naċ gcealófaí ċúns ba ḃeo ar an saol dóiḃ. Agus de ṫoraḋ imḟios eicínt tuigeaḋ don saiġdiúir naċ raiḃ in ḋán aige, cuma cé'n ċeárn den doṁan ina gcasfaí é, dearmad a ḋéanaṁ go deo ar ḃean a' ḃuillín.

DÓNALL MAC AṀLAIĠ.

Caisleán Ġeárr

I dTeaċ Pobail Naoṁ Columba Caisleán Ġearr, pósaḋ Proinsias de Paor, triú mac do Eiḃlín Ḃean de Paor agus Pádraic De Paor, naċ maireann, Ḃeanntraí, Co. Ċorcaí, agus Máire Ní Ċasarlaiġ, S.R.N. S.C.M., iníon is sine do Ṁáirtín Ó Casarlaiġ, ⁊ a ḃean, Baile an Duḃlaoi, Gaillimh. An Monsignor S. Ó Misteál S.P., a pós iad le Aifreann an pósta agus Ḃeannaċt an Ṗápa, agus ḃí an ḃainis insan Warwick Hotel, Bóṫar na Trá.

Árd a' Ráṫ

Coṁġáirdeas le Conall Ó Maolḃuaiḋ, as Leac Conaill, Árd a' Ráṫa, atá indiaiḋ Óstán Nesbitt Arms, Árd a' Ráṫa, a ċeannaċt ó Seán Ó Beirn. Tá an tUasal Ó Beirn agus a ṫeaġlaċ a' dul go Baile Áṫa Cliaṫ a ċónaí. Tá an teaċ seo ar an teaċ ósta is sine ag obair i nDún na nGall, agus tá scoṫ áit do ṫeaċ ósta ann. Deirtear go ḃfuil an tUasal Ó Maolḃuaiḋ leis an áit a leaṫnú, agus is cinnte go mbéiḋ tarraingt mór daoine ann.

Tá Ḃal Mac Aoḋa, mac le Séamas Mac Aoḋa, fear a' posta, Drocaiġ, agus Ḃean Ṁic Aoḋa, indiaiḋ cuid de ṁí na meala a ċaiṫeaṁ lena ḃeanċéile ag an Daingean (Máire Ní Ḋuiḃir) sa baile ag teaċ a aṫara. Pósaḋ iad i London cúpla seaċtain ó ṡin.

Ḃí an cruinniú cinn-bliana de Comhairle Paráiste Árd a' Ráṫa in halla iona oíċe Luan, nuair a toġaḋ coiste nua fá ċoinne na bliana seo ċugainn.

Coṁġáirdeas le Áine Ní Iarráin, agus Nuala Ní Ċaimbéal as Árd a' Ráṫa, a fuair an Group Certificate ó Ġairmscoil Ṁic Déid, ar na Gleanntaí, agus a fuair glaoċ ċuig an cúrsa traenála Coiste Gairm-Oideaċas Dún na nGall, in Óstán an Iarannróid, Dun Doḃráin.